Gaeilge agus Fáilte ar Raidió Pobail Chuan na Scairbhe, Dé Domhnaigh 7/2/21

Comhrá sa Scairbh

Bernadette: Dia duit, Carol!

Carol: Dia is Muire duit, Bernadette!

Bernadette: Conas atá tú? Nach raibh slaghdán ort an tseachtain seo caite?

Carol: Ó bhí slaghdán uafásach orm!

Bernadette: Tá súil agam go bhfuil biseach ort anois!

Carol: Tá, go raibh maith agat. Táim ag mothú i bhfad níos fearr anois.

Bernadette: Iontach. Bhuel, tá an aimsir ag feabhsú faoi dheireadh. An t-earrach buailte linn!

Carol: Is aoibhinn liom an t-earrach!

Bernadette: Ar mhaith leat dul le haghaidh cupán caife? Má tá an t-am agat.

Carol: Ba mhaith cinnte! Níl ach cúpla rud eile le déanamh agam.

Bernadette: Go breá. Caithfidh mise dul go dtí Centra, agus an poitigéir - agus ansin beidh mé réidh.

Carol: Ceart go leor. Caithfidh mise dul go dtí oifig an phoist. Beidh mé réidh i gceann deich nóiméad.

Bernadette: Buailfimid le chéile istigh sa chaife mar sin, ag a dó dhéag a chlog.

Carol: Iontach! Slán leat B.

Bernadette: Slán tamall, Carol.

Seanfhocail na seachtaine:

Ní bhíonn in aon rud ach seal. (Everything passes / Nothing lasts forever.)

Ní neart go cur le chéile. (There's no strength without unity.)